2026/2468

6.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2468 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Samhain 2026

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2024/2881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le mionsonraí teicniúla le haghaidh na modheolaíochta chun rannchuidithe a chinneadh ó athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salann a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh, chomh maith leis an bhfaisnéis chomhfhreagrach atá le soláthar ag na Ballstáit

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2024/2881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le haercháilíocht chomhthimpeallach agus aer níos glaine don Eoraip ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2024/2881, leagtar síos caighdeáin aercháilíochta agus faireachán agus tuairisciú ar aercháilíocht chun ardleibhéal cosanta le haghaidh shláinte an duine agus an chomhshaoil a áirithiú.

(2) Le Treoir (AE) 2024/2881, ceadaítear do na Ballstáit limistéir ina bhfuil sáruithe ar theorainnluachanna ábhair cháithnínigh (PM_{10}) inchurtha i leith athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salann a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh a eisiamh ón oibleagáid an plean aercháilíochta a leagan síos ar choinníoll go ndearnadh bearta réasúnta chun na tiúchaintí PM_{10} sin a ísliú.

(3) Leagtar amach i dTreoir (AE) 2024/2881 an fhéidearthacht na rannchuidithe le sáruithe ar theorainnluachanna PM_{10} atá inchurtha i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a dhealú agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna aercháilíochta. Níl dealú na rannchuidithe sin le cosc a chur ar na Ballstáit beart a dhéanamh chun a dtionchar ar an tsláinte a laghdú.

(4) I gcomhréir le Treoir (AE) 2024/2881, tá an Coimisiún chun mionsonraí teicniúla a sholáthar faoin gcaoi le cinneadh gurb é is cúis le sárú athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salann a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh, mar aon le mionsonraí faoin doiciméadacht agus faoin bhfianaise atá le soláthar. Tá modheolaíochtaí éagsúla ann chun a léiriú gurb é is cúis le sárú athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salann a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh, agus meastar go dtiocfaidh siad chun cinn amach anseo. Is iomchuí, dá bhrí sin, sonraí teicniúla a sholáthar maidir leis an rannchuidiú ó dheannach athfhuaidrithe a shainaithint agus a chainníochtú, gan beann ar na modhanna agus na modheolaíochtaí a úsáidtear, ar choinníoll go gcomhlíonann siad prionsabail áirithe lena n-áirithítear a stóinseacht. Is léiriú ar na dea-chleachtais atá á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit faoi láthair é an Doiciméad Tacaíochta Teicniúla maidir leis na rannchuidithe le truailliú aeir atá inchurtha i leith athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salann a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh faoi Threoir (AE) 2024/2881 ([2]).

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Aercháilíocht Chomhthimpeallach,

([1]) IO L, 2024/2881, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2881/oj.

([2]) Is léiriú ar na dea-chleachtais atá á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit faoi láthair é an Doiciméad Tacaíochta Teicniúla maidir leis na rannchuidithe le truailliú aeir atá inchurtha i leith athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salann a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh faoi Threoir (AE) 2024/2881, Samhain 2026, ISBN 978-92-68-44150-3.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘gaineamh a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh’ ábhar mianrach a easrú ar mhaithe le rialú tarraingthe ar dhromchla an bhóthair;

(2) ciallaíonn ‘salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh’ salann nó sáile nó tuaslagán salainn a easrú ar mhaithe le rialú tarraingthe ar dhromchla an bhóthair;

(3) ciallaíonn ‘cáithníní athfhuaidrithe’ ábhar cáithníneach a carnadh ar dhromchla an bhóthair nó ar an gcosán agus a easraíodh san aer arís mar gheall ar an trácht nó an ghaoth;

(4) ciallaíonn ‘ábhar cáithníneach garbh’ an difríocht idir an tiúchan PM_{10} chomhthimpeallaigh agus an tiúchan $PM_{2.5}$ chomhthimpeallaigh;

(5) ciallaíonn ‘modh chodán an ábhair cháithnínigh ghairbh’ an modh lena gcuirtear 50 % de chodán an ábhair cháithnínigh ghairbh i leith gaineamh a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh.

(6) ciallaíonn ‘lá measúnaithe um ghaineamh nó salann a bheith á gcur ar na bóithre sa gheimhreadh’ lá féilire ar a sáraítear an teorainnluach laethúil PM_{10} a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/2881 ag pointe samplála, agus ar a bhféachann Ballstát lena léiriú go bhfuil an sárú inchurtha i leith athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salann a bheith á gcur ar na bóithre sa gheimhreadh.

Airteagal 2

Prionsabail chun rannchuidithe ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a chinneadh

Chun a léiriú go bhfuil sáruithe ar theorainnluachanna PM_{10} inchurtha i leith athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salann a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh, comhlíonfaidh na Ballstáit na prionsabail seo a leanas:

(a) léiriú láidir a sholáthar gur féidir rannchuidithe as a dtagann sáruithe a chur gan amhras i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh;

(b) cainníochtú a sholáthar ar na rannchuidithe a chuirtear i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh atá beacht agus cruinn go leor agus iomchuí do thréimhse mheánaithe an teorainnluacha;

(c) a léiriú go bhfuil an pointe samplála a gcinntear na rannchuidithe ina leith ionadaíoch ar an limistéar a ndéanann gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh difear dó;

(d) fianaise leordhóthanach a sholáthar ar chur i bhfeidhm beart réasúnta chun tiúchaintí PM_{10} atá bainteach le cáithníní athfhuaidrithe a ísliú;

(e) faisnéis leordhóthanach a sholáthar faoin modh a úsáidtear chun na rannchuidithe ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a chinneadh.

Airteagal 3

Laethanta lena mbaineann rannchuidiú féideartha ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a shainaithint

1. Sainaithneoidh na Ballstáit laethanta lena mbaineann rannchuidiú féideartha ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh i gcomhréir le míreanna 2 go 5.

2. Sainaithneoidh na Ballstáit eachtraí athfhuaidrimh a chuirtear i leith gaineamh a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh i gcásanna inar cuireadh gaineamh ar na bóithre uair amháin ar a laghad roimh lá an mheasúnaithe le linn shéasúr an gheimhridh agus trí fhianaise a mheasúnú lena léirítear go raibh ábhar chun gaineamh a chur ar na bóithre fós ar fáil le haghaidh athfhuaidrimh ar lá an mheasúnaithe.

3. Sainaithneoidh na Ballstáit eachtraí athfhuaidrimh a chuirtear i leith salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh, agus uainiú an tsaillte is déanaí sa limistéar roimh lá an mheasúnaithe le linn shéasúr an gheimhridh á chur san áireamh, chomh maith le teocht, frasaíocht, agus dálaí dromchla bóthair idir leagan an tsalainn agus lá an mheasúnaithe.

4. Sainaithneoidh na Ballstáit eachtraí athfhuaidrimh a chuirtear i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) gaireacht an phointe samplála don limistéar inar cuireadh salann nó gaineamh ar na bóithre;

(b) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rannchuidiú fadraoin le tiúchaintí PM_{10};

(c) tirimeacht dhromchla an bhóthair ar lá an mheasúnaithe arna léiriú le breathnuithe meitéareolaíocha nó le haon mhodheolaíocht oiriúnach eile.

5. Léireoidh na Ballstáit nár rannchuidigh aon fhoinse eile go mór leis na heachtraí athfhuaidrimh a cuireadh i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh ná nár rannchuidigh siad go mór leis na tiúchaintí méadaithe PM_{10}.

Airteagal 4

Cainníochtú an rannchuidithe ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh

1. Déanfaidh na Ballstáit an rannchuidiú ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a chainníochtú trí mhodh iomchuí a chur i bhfeidhm a chomhlíonann an prionsabal a leagtar síos in Airteagal 2, pointe (b), agus na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo.

2. I gcás nach bhfuil na sonraí agus an fhaisnéis is gá ar fáil chun modhanna iomchuí eile a chur chun feidhme chun an rannchuidiú ó ghaineamh a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a chainníochtú, féadfaidh na Ballstáit modh chodán an ábhair cháithnínigh ghairbh a chur i bhfeidhm. I gcás ina gcuireann na Ballstáit modh chodán an ábhair cháithnínigh ghairbh i bhfeidhm, is é sin, leis féin nó in éineacht le modhanna eile, áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

(a) ríomhtar codán an ábhair cháithnínigh ghairbh atá ard i gcomparáid leis an gceann i bpointí samplála nach bhfuil tionchar ag gaineamh a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh orthu agus tá cóimheas idir $PM_{2.5}$ agus PM_{10} cothrom le 0,5 nó níos lú ná é;

(b) go ndéantar PM_{10} agus $PM_{2.5}$ a shampláil agus a thomhas ag an bpointe samplála céanna agus leis an modh céanna nó le modh coibhéiseach, nó mura bhfuil tomhais $PM_{2.5}$ ag an bpointe samplála céanna ar fáil, go ndéantar meastachán ar na tiúchaintí $PM_{2.5}$ trí úsáid a bhaint as an cóimheas idir $PM_{2.5}$ agus PM_{10} ag pointe samplála inchomparáide;

(c) nach n-úsáidtear boinn bhocóideacha laistigh den limistéar measúnaithe, sin nó ní mó iad ná 1 % den úsáid bonn.

3. I gcás ina gcuireann na Ballstáit modh anailíse ceimicí i bhfeidhm chun na rannchuidithe ó shalann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a chainníochtú, is é sin leis féin nó i gcomhar le modhanna eile, áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

(a) tá faisnéis ar chomhdhéanamh ceimiceach an tsalainn a úsáidtear ar fáil;

(b) samplaí PM_{10} ag an bpointe samplála a mbíonn tionchar ag salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh air nó ag pointe samplála a bhfuil saintréithe comhchosúla ann, bailítear iad le haghaidh gach lae a ndéantar difear dó agus déantar anailís orthu i gcomhréir leis an modh tagartha is infheidhme nó le haon mhodh coibhéiseach;

(c) cuirtear modhanna ríomha iomchuí i bhfeidhm chun tiúchan an ábhair saillte a chinneadh le haghaidh gach lae dá ndéantar difear.

4. Déanfar na rannchuidithe ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a chinneadh ag gach pointe samplála lena mbaineann le haghaidh gach lae measúnaithe agus sloinnfear in $\mu g/m^3$ iad.

Na sonraí a gheofar chun rannchuidithe atá inchurtha i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a chainníochtú trí thomhais nó samhaltú a úsáid, comhlíonfaidh siad na cuspóirí cáilíochta sonraí a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2024/2881.

I gcás nach féidir a léiriú go bhfuil an tiúchan laethúil choigeartaithe PM_{10} faoi bhun an teorainnluacha laethúil is infheidhme, ní mheasfar an sárú a bheith inchurtha i leith gaineamh nó salann a leagan sa gheimhreadh chun críocha an Chinnidh seo.

5. Féadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil sárú ar an teorainnluach PM_{10} le haghaidh na tréimhse meánaithe 1 lá a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/2881 ('teorainnluach laethúil PM_{10}') inchurtha i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh i gcás nach sáraíonn na tiúchaintí laethúla PM_{10}, arna laghdú leis an rannchuidiú ó ghaineamh nó salann a chur na bóithre le linn an gheimhridh ('tiúchaintí laethúla coigeartaithe PM_{10}'), an teorainnluach laethúil PM_{10} le haghaidh na laethanta lena mbaineann.

6. Féadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil sárú ar an teorainnluach PM_{10} le haghaidh na tréimhse meánaithe bliana féilire a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/2881 ('teorainnluach bliantúil PM_{10}') inchurtha i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh i gcás nach sáraíonn an tiúchan bhliantúil choigeartaithe PM_{10} an teorainnluach bliantúil PM_{10} le haghaidh na bliana féilire lena mbaineann.

Agus na tiúchaintí bliantúla coigeartaithe PM_{10} á ríomh, úsáidfidh na Ballstáit na tiúchaintí laethúla coigeartaithe PM_{10} agus ní dhéanfaidh siad an luach laethúil PM_{10} a dhiúscairt ó na staitisticí maidir le sárú tar éis dóibh tionchar a bhí ag gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a shainaithint le haghaidh lá ar leith.

7. Na nósanna imeachta chun na rannchuidithe ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a dhealú, déanfar iad a chur i bhfeidhm ina n-aonar ag gach pointe samplála, agus measfar go bhfuil na tiúchaintí ríofa PM_{10} ionadaíoch ar limistéar ionadaíochais spásúil an phointe samplála atá i gceist.

I gcás ina bhfuil na torthaí le cur i bhfeidhm ar scála spásúil atá éagsúil le limistéar ionadaíochais spásúil an phointe samplála, féadfar limistéar ionadaíoch timpeall an phointe samplála atá i gceist a shonrú agus saintréithe sonracha na foinse agus patrúin easrúcháin éagsúla na comhchoda a bhaineann le gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh á gcur san áireamh.

Airteagal 5

Bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun tiúchaintí PM_{10} a ísliú

Soláthróidh na Ballstáit fianaise don Choimisiún ar chur i bhfeidhm beart réasúnta, amhail cleachtais optamaithe maidir le gaineamh agus salann a chur ar na bóithre, baint sneachta, cothabháil bóithre, ceangal deannaigh, agus glanadh sráideanna, chun tiúchaintí PM_{10} a bhaineann le cáithníní athfhuaidrithe mar gheall ar ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a ísliú.

Tíolacfaidh na Ballstáit an fhianaise dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfoirm tuarascálacha teicniúla i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

Airteagal 6

Doiciméadacht

An modh a chuirtear i bhfeidhm chun a léiriú gur cáithníní athfhuaidrithe ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh is cúis le haon sárú, déanfaidh na Ballstáit é a dhoiciméadú. Chuige sin, cuirfidh siad tuarascálacha teicniúla faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Faisnéis atá le cur sa tuarascáil theicniúil

A. **Aidhm agus raon feidhme:**

1. bliain thuairiscithe;

2. ráiteas chuspóir na tuarascála teicniúla ina dtagraítear do chur i bhfeidhm Airteagal 17 de Threoir (AE) 2024/2881.

B. **Údarás inniúil agus comhlacht:**

1. Ballstát;

2. ainm an údaráis inniúil nó an chomhlachta ainmnithe;

3. tuairisc ar ról agus rannpháirtíocht an údaráis inniúil nó an chomhlachta ainmnithe.

C. **Tuairisc ar na cásanna sáraithe atá inchurtha i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh:**

1. liosta na limistéar a ndéanann rannchuidithe difear dóibh i gcás ina bhfuil sáruithe ar na caighdeáin aercháilíochta is infheidhme inchurtha i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh le haghaidh na bliana tuairiscithe;

2. pointí samplála a ndéanann rannchuidithe atá inchurtha i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh difear dóibh;

3. líon na sáruithe ar theorainnluach laethúil PM_{10} a tomhaiseadh;

4. faisnéis faoi na foinsí PM_{10} sna limistéir a ndéantar difear dóibh;

5. tiúchaintí laethúla PM_{10} roimh agus tar éis dhealú an rannchuidithe ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh le haghaidh na bpointí agus na limistéar measúnaithe uile;

6. líon measta na sáruithe ar an teorainnluach laethúil PM_{10} tar éis an rannchuidiú ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a dhealú;

7. tiúchaintí bliantúla PM_{10} roimh agus tar éis dhealú an rannchuidithe ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh le haghaidh na bpointí agus na limistéar measúnaithe uile (más ábhartha).

D. **Tuairisc ar an nós imeachta a úsáideadh chun na rannchuidithe a chinneadh ó athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salann a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh:**

1. tuairisc ar an modh a úsáideadh chun na rannchuidithe ó ghaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh a shainaithint agus a chainníochtú;

2. tuairisc ar chur i bhfeidhm na bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 2 maidir leis an modh a úsáideadh chun na rannchuidithe a chinneadh;

3. faisnéis faoi rialú cáilíochta agus dearbhú cáilíochta na modhanna a cuireadh i bhfeidhm agus tagairtí do na tuarascálacha modheolaíochta foluiteacha;

4. anailísí éiginnteachta a bhaineann leis an gcainníochtú, lena léirítear go soiléir an lamháil earráide, na heatraimh mhuiníne, nó aon bheart staitistiúil ábhartha eile chun beachtas agus cruinneas na gcainníochtuithe a áirithiú.

E. **Fianaise lena léirítear gurb é is cúis leis na cásanna sáraithe athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salann a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh:**

1. liosta na ndátaí a sainaithníodh mar eachtraí athfhuaidrimh a chuirtear i leith gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh, lena n-áirítear fianaise ar an gcaoi ar cinneadh iad sin;

2. gaineamh nó salann a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh roimh an sárú atá i gceist;

3. bailíochtú go raibh dromchla an bhóthair tirim lá an tsáraithe atá i gceist;

4. faisnéis faoi fhoinsí eile PM_{10}, lena n-áirítear rannchuidithe ó fhoinsí nádúrtha, a chuireann le tiúchaintí arda PM_{10}.

F. **Fianaise lena léirítear go ndearnadh bearta réasúnta chun tiúchaintí PM_{10} a ísliú:**

1. liosta na gcleachtas a cuireadh i bhfeidhm chun tiúchaintí PM_{10} a ísliú linn agus tar éis gaineamh nó salann a chur ar na bóithre le linn an gheimhridh agus tuairisc ghearr ar na cleachtais sin;